

# Nuacht Fhine Gall

Eagrán Uimh 21

Samhain 2021

## DO CHOMHAIRLE AG OBAIR DUITSE

## LAISTIGH

Gairdíní Shackleton - Leathanach 3

Féile Staire Fhine Gall 2021 - Leathanach 12

Taisteal Gníomhach i bhFine Gall - Leathanach 20

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

## Teachtaireacht an Mhéara



Bhí cúpla mí thar a bheith tairbheach agam i mo Mhéara ar Fhine Gall. Tá mé ag foghlaim go leor gach uile lá agus ní fhéadfainn é a dhéanamh gan tacaíocht na ndaoine mórthimpeall orm. Gan amhras ar bith, an rud is fearr faoi bheith i mo Mhéara ná bheith ag casadh leis an méid sin daoine éagsúla as gach cúlra i bhFine Gall. Ní bréag a rá gurb é an bua is mó atá againn ná muintir na háite, agus taitníonn sé iontach liom teagmháil a bheith agam le gréasán casta an tsaoil. Ba mhó an pléisiúr a bhí le baint as filleadh coinní agus imeachtaí ar an láthair de bharr nach raibh cead againn teacht i ngaobhar dá chéile le fada an lá. Tá fuinneamh agus dúthracht oibrithe pobail, oibrithe deonacha, Chomhairle Contae Fhine Gall agus páirtithe leasmhara eile ina n-ábhar inspioráide agam gach aon lá agus muid ag obair le chéile lena chinntiú gur áit chónaithe den scoth a bheidh i bhFine Gall.

D'fhreastail mé ar níos mó ná 40 imeacht agus coinne ó mhí an Mheithimh, agus bhain mé sult as gach uile cheann acu. I mí Mheán Fómhair, rinneadh Oíche Chultúir a cheiliúradh ar fud Fhine Gall le sraith imeachtaí ealaíon agus cultúir. Buaicphointe mórthaibhseach, más gaofar féin, a bhí i dtaispeáint an scannáin 'A Burning Tide' in aice theach bád Loch Sionnaigh... Baile Brigín an rogha suímh a bhí ag Meabhairshláinte Éireann don tionscadal Thrive, tionscnamh meabhairshláinte dearfaí faoi stiúir an phobail, agus ba mhór an onóir dom an chéad Thrive n' Conversations a sheoladh, agus ní hin é a dheireadh.

Le linn Sheachtain an Aosaithe Dhearfaigh, chuir Comhairle Contae Fhine Gall crann cuimhneacháin i bPairc an Bhaile, Sord. Cuireadh an crann ar Lá Idirnáisiúnta na nDaoine Scothaosta chun an iliomad daoine a fuair bás le linn na paindéime a chomóradh. Is cinnte go mbeidh tuilleadh cuimhneachán á ndéanamh amach anseo de réir mar a ghlacfaimid leis an gcailliúint mhór a tharla anseo in Éirinn agus ar fud an domhain, ach leis an aitheantas seo, tá deis againn stopadh agus smaoineamh anois, agus is meabhrú atá ann a bheith ag cuimhneamh i gcónaí orthusan atá ag déanamh bróin.

Níos luaithe an mhí seo, bhí an-áthas ar mo chomh-Chomhairleoirí agus ar an Leas-Mhéara fáilte a chur roimh an gComhairleoir JK Onwumereh chuig Comhairle Contae Fhine Gall, ina ionadaí ar thoghcheantar Bhaile Bhlainséir-Mhullach Eadrad. Tá an Comhairleoir Onwumereh tagtha chugainn tar éis bhás an Chomhairleora Freddie Cooper níos túisce i mbliana a bhain méala dínn. Is duine díograiseach den phobal áitiúil é a bhfuil gean mór air agus is mór an difríocht a dhéanann a chuid oibre le daoine óga. Tá mé ag súil go mór le bheith ag obair in éineacht leis sna míonna atá amach romhainn.

-Cllr Seána Ó Rodaigh

## Teachtaireacht an Phríomhfheidhmeannaigh



Tá sé deacair a chreidiúint go bhfuil an Fómhar tagtha arís, ach tá na duilleoga tosaithe ag titim go deimhin agus na hullmhúcháin i gcomhair cheiliúradh na Samhna faoi lán seoil. Is cúis áthais dom go bhfuil imeachtaí beo ar an láthair ag teacht ar ais de réir a chéile agus ar bhealach sábháilte ar fud na tíre. Bhí foirne Imeachtaí, Ealaíon, Oidhreachta, Pobail agus Taistil Ghníomhaigh Chomhairle Contae Fhine Gall, i measc foirne eile, an-ghnóthach le roinnt seachtaine anuas le himeachtaí iontacha a raibh freastal maith orthu, agus b'iontach an pléisiúr é a bheith in éineacht le go leor agaibh agus sibh ag baint sult as taispeáintí, laethanta teaghlaigh agus taispeántais.

Bhí an saol laistigh den Chomhairle díreach chomh gnóthach céanna agus istigh sna leathanaigh seo gheobhaidh tú scéala faoi go leor forbairtí nua lena n-áirítear pleananna maidir le páirceanna agus clóis súgartha nua agus feabhsaithe, céim mhór chun cinn i dtaobh thionscadal Sord Inbhuanaithe agus is féidir leat na Gabhair a fheiceáil fiú atá ina léiriú ar an gcaoi a bhfuil bainistiú fáis aitinn ag athrú i mBinn Éadair. I gcroí gach ceann de na tionscadail seo tá an nuálaíocht agus an fiontraíocht. Bíonn foirne na Comhairle ag obair go tréan i gcónaí chun tionscnaimh a chur ar fáil d'fhonn go mbeidh Fine Gall ar an áit is fearr in Éirinn le cónaí ann, le bheith ag obair ann agus le gnó a dhéanamh ann.

Fógraíodh le déanaí go bhfuil ainmniúchán faighte ag 9 tionscadal de chuid Chomhairle Chontae Fhine Gall do na Gradaim Pobail & Comhairlí Uile-Éireann. Cuirtear comhshaothair idir pobail agus comhairlí ar éirigh go maith leo i láthair leis na gradaim seo agus tugtar ardán leo chun aitheantas agus buíochas a thabhairt do laochra neamhaitheanta. I measc na dtionscadal a ainmníodh, tá Féile Staire Fhine Gall, tionscadal na Stáisiún Aimsire do Scoileanna, an tionscadal Wi-Fi lasmuigh saor in aisce agus na háiteanna le Buidéil Uisce a líonadh gan tadhall. Beidh an searmanas gradam ar siúl ag deireadh mhí na Samhna agus guím gach rath ar gach duine atá páirteach.

Tá obair ag dul ar aghaidh i mBaile Brigín agus scartáil O'Shea's ar an gcuan ar siúl anois. Fágfaidh sé sin áit do spás álainn áineasa poiblí óna mbeidh radhairc amach ar an bhfarraige agus ar an mbaile, a chuirfidh athrú iomlán ar Bhaile Brigín. Táimid ag tnúth leis an eolas is deireanaí a thabhairt duit i leith na hoibre seo de réir mar a leanfaidh sí ar aghaidh. Ba mhaith liom an deis seo a thapú fáilte a chur roimh Leah Walsh ina ról nua mar Oifigeach Forbartha Pobail do Bhaile Brigín. Tá taithí luachmhar fairsing ag Leah a thabharfaidh sí chuig an ról seo agus cuirfidh sí go mór le hacmhainní Bhaile Brigín.

-AnnMarie Farrelly

# Gairdíní Shackleton

**Ó ghlac sí seilbh ar Ghairdín Shackleton in 2017, tá Comhairle Contae Fhine Gall ag obair ar a athchóiriú d'fhonn an Gairdín a oscailt don phobal mar shócmhainn thábhachtach áitiúil, díol spéise do chuairteoirí agus sócmhainn turasóireachta i gceantar Bhaile Átha Cliath 15. Is éard a bhí i gceist leis na hoibreacha athchóirithe codanna móra de bhallaí an ghairdín a atógáil, uasghrádú a dhéanamh ar na cosáin agus athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh an ghairdín. Tá na hoibreacha mar chuid d'infheistíocht € 400,000 ó Chomhairle Contae Fhine Gall agus Fáilte Ireland.**


An Mhéara, Cllr Seána Ó Rodaigh agus Tánaiste, Leo Varadkar

An 17 Meán Fómhair, d'oscail Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh, Gairdín Shackleton go hoifigiúil i láthair an Tánaiste, Leo Varadkar, TD, Comhairleoirí Contae Fhine Gall, baill an Oireachtais, Oibrithe Deonacha agus baill de Theaghlach Shackleton.

Ag an seoladh, dúirt Méara Fhine Gall, an Comh. Seána Ó Rodaigh: "D'oibrigh Comhairle Contae Fhine Gall, oibrithe deonacha Ghairdín Shackleton agus ár gconraitheoirí gan staonadh le cúpla bliain anuas d'fhonn na gairdíní áille seo a athchóiriú. Is cúis mhór áthais dom a bheith anseo inniu agus an méid ollmhór oibre atá déanta leis an tionscadal seo a fheiceáil. Tá áthas orm a bheith in ann Gairdín Shackleton a oscailt go hoifigiúil inniu agus táim ag tnúth le cónaitheoirí agus cuairteoirí Fhine Gall a fheiceáil ag baint taitneamh as an áis iontach seo i gceantar Bhaile Átha Cliath 15 nuair a osclófar é don phobal. "




Tá réimse leathan plandaí neamhchoitianta agus coimhthíocha sna Gairdíní, atá taobh istigh de gharraí daingean 1.5 acra, lena n-áirítear bailiúchán tábhachtach d'ilbhliantóga luibheacha, a fhástar i gciumhsóga móra bláthanna.

I rith na 1980idí, cuireadh na gairdíní san áireamh sa Good Gardens Guide agus bronnadh dhá réalta orthu. Is é seo an gradam is airde a bhronn Good Gardens Guide agus ní bhíonn le feiceáil ann ach na gairdíní is fearr in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór.

# Tosaíochtaí Straitéiseacha Shoird Inbhuanaithe Oscailte do Chomhairliúchán

**Thug Comhairle Contae Fhine Gall cuireadh in earrach na bliana 2021 d'áitritheoirí agus gnólachtaí áitiúla a bheith páirteach i dtionscadal comhfhorbartha áite Shoird Inbhuanaithe. Thug an suirbhé 'Soird s'agatsa, Tuairimí s'agatsa' ('Your Swords, Your Say') deis do dhaoine a dtuairimí a thabhairt ar an mbealach is fearr le Soird a fhorbairt go hinbhuanaithe.**




Tá léargas ón suirbhé taighde tugtha le chéile le Plean Forbartha Contae Fhine Gall 2017-2023 le bheith faoi réir do na téamaí seo atá ag teacht chun cinn. Tá an-ríméad go deo anois ar Chomhairle Contae Fhine Gall na Téamaí atá ag Teacht Chun Cinn do straitéis Shoird Inbhuanaithe a chur i láthair.

Is éard atáthar ag iarraidh a bhaint amach le Soird Inbhuanaithe ná cur chuige ilghnéitheach i ndáil le pleanáil, leagan amach agus bainistiú an bhaile, d'fhonn áiteanna ar chaighdeán níos fearr a bhaint amach don timpeallacht fhisiciúil don saol i Soird. Tá sé i gceist le Soird Inbhuanaithe lár bhaile stairiúil Shoird a dhaingniú agus a neartú. Leagfar cuspóirí sonracha amach faoin tionscadal chomh maith do lár an bhaile agus é mar aidhm teacht aniar an gheilleagair áitiúil a mhéadú agus timpeallacht uirbeach níos fearr, inrochtana, chuimsitheach, oiriúnach do leanaí agus fholláin a chothú. Baile bríomhar do chách.

Tá cáipéis 'téamaí atá ag teacht chun cinn' foilsithe anois. Tugtar cuireadh don phobal na téamaí seo a fhiosrú agus a gcuid tuairimí agus barúlacha a roinnt. Tá aiseolas ó mhuintir agus ó ghnólachtaí na háite riachtanach sa chéim forbartha straitéisí seo chun go n-éireoidh le Soirt Inbhuanaithe.

Tá a cuid tacaíochta tugtha ag Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh, don chéim seo den chomhairliúchán poiblí. 'Ní mór gur obair i gcomhair ceart leis an bpobal a bheadh i gceist le fís a chruthú do Shoird Inbhuanaithe. Tá Comhairle Contae Fhine Gall ag cur na dtéamaí seo i láthair ar mhaith le rannpháirtíocht an phobail ar phríomhábhair a spreagadh. Tá de dheis ag gach duine atá ina chónaí nó ag obair i Soird tionchar a imirt ar na pleananna seo agus tá fáilte roimh gach duine a bheith páirteach'.

Tá an cháipéis Téamaí atá ag Teacht Chun Cinn Shoird Inbhuanaithe ar fáil lena bhreathnú ag an bpobal lena dtuairimí a thabhairt ón 28 Meán Fómhair. Fanfaidh an comhairliúchán ar oscailt ar feadh tréimhse 4 seachtainí. Tionólfar seimineár ar líne poiblí ar an 12 Deireadh Fómhair do na daoine sin ar mhaith leo tuilleadh a fháil amach faoin tionscadal ón bhfoireann agus ó chomhairleoirí.

Ní bheidh sé ar chumas Chomhairle Contae Fhine Gall, mar gheall ar an bpaindéim Covid-19 agus na srianta sláinte poiblí ar dhaoine a bheith ag teacht le chéile faoi láthair, imeacht comhairliúcháin phoiblí ag a mbeidh an pobal i láthair a eagrú le linn an bhabhta comhairliúcháin seo.

Deir Matthew McAleese, Stiúrthóir Seirbhísí do Phleanáil agus Bonneagar Straitéiseach i gComhairle Chontae Fhine Gall, go bhfuil aiseolas ar an scéim thar a bheith tábhachtach. 'Tá cuireadh ag gach duine an cháipéis Téamaí atá ag Teacht Chun Cinn a léamh ar líne agus a gcuid tuairimí a sheoladh chugainn trí úsáid a bhaint as an tairseach Consult nó iad a chur chugainn ar an bpost. Léimid agus foilsímid gach aighneacht agus glacfar san áireamh iad de réir mar a bheidh na pleananna do Shoird Inbhuanaithe ag déanamh dul chun cinn ar thionscnaimh shonraithe lena gcur i láthair ag tús na bliana 2022. Ní ghlacann sé ach cúpla nóiméad aighneacht a dhéanamh agus is é sin an bealach is fearr le tionchar a bheith agat ar do cheantar áitiúil amach anseo.'

Dé Máirt an 26 Deireadh Fómhair 2021 an dáta deireadh chun aighneacht a dhéanamh agus ní mór aighneachtaí ar an bpost agus ar líne a bheith faighte againn roimh 11:59pm. D'fhéadfaí nach ndéanfaí aighneachtaí a fhaightear ina dhiaidh sin a chlárú.



# Cuirfear Tús leis an Tionscadal Múirínithe do Scoileanna an Mhí seo

**Tá sé fógartha ag Príomhfheidhmeannaigh Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath go bhfuil an Tionscnaimh Múirínithe do Scoileanna á seoladh.**

Is é Múiríniú Éireann atá i gceannas ar an tionscadal píolótach seo do bhunscoileanna agus meánscoileanna i mBaile Átha Cliath, agus tá cistiú ag teacht ó na ceithre údarás áitiúil i mBaile Átha Cliath agus ó Oifig Phlean Bainistithe Dramhaíola Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre. Is cúis áthais í do Hugh Coughlan, Comhordaitheoir Oifig Phlean Bainistithe Dramhaíola Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre, bheith ábalta cabhrú le cistiú don Tionscadal do Scoileanna. "Is tionscnamh fíorthábhachtach é seo a bhfuil sé mar aidhm aige cur le heolas agus le scileanna maidir le dramhaíl bia agus múiríniú i measc mac léinn de gach aois agus i measc an phobail scoile i gcoitinne. Is tionscadal é seo ar féidir é a athchruthú go héasca agus is féidir an méid a bhaintear amach i scoileanna i réigiún Bhaile Átha Cliath a chur i gcrích ar fud Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre agus go deimhin, fud fad na tíre".

Is í aidhm an chláir ná cabhrú le scoileanna tús a chur le múiríniú nó é a fheabhsú chun dramhaíl a laghdú, airgead a shábháil agus dul i ngleic leis an athrú aeráide, agus cuidiú leo an Brat Glas do Scoileanna agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach. Tríd an gclár píolótach, beidh sé éasca freisin do mhúinteoirí rochtain a fháil ar réimse gníomhaíochtaí spraoiúla agus idirghníomhacha do leanaí scoile chun go bhfoghlaimeoidh siad faoin múiríniú agus faoin ngarraíodóireacht. Tacóidh na gníomhaíochtaí seo leis an tuiscint atá ag na leanaí ar na bunphrionsabail éiceolaíochta, bitheolaíochta agus bithéagsúlachta ar a bhfuil an beatha uilig an phlainéid seo bunaithe. Dúirt Dave Storey, Stiúrthóir Seirbhísí na Rannóga Comhshaoil, Athrithe Aeráide agus Taistil Ghníomhaigh de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall "is deis iontach é seo do scoileanna Fhine Gall dul i ngleic leis an athrú aeráide agus astaíochtaí ó bhia agus ó dhramaíl tírdreacha a laghdú, agus ag an am céanna múirín ardchaighdeáin a chruthú sa gheilleagar ciorclach. Táimid ag súil le bheith ag obair le bunscoileanna agus le meánscoileanna araon ar an tionscnamh seo". Deir Craig Benton ó Mhúirín Éireann, príomhcheannasaí an tionscnaimh "tá lúcháir orm go bhfuil rath tagtha air seo agus táimid ag tnúth le bheith ag obair le os cionn 100 scoil, agus príomhghnéithe an mhúirínithe a mhúineadh dóibh agus córais a bhunú ar féidir leo a úsáid chun astaíochtaí a laghdú agus acmhainní nádúrtha a athchúrsáil".


Páistí ag glacadh páirte sa Tionscnamh Múirínithe do Scoileanna

Dúirt an Dr. Sandra Austin, Léachtóir Sinsearach agus Ceann na Roinne Bithéagsúlachta Domhanda agus Inbhuanaitheachta, agus i gceannas ar Inbhuanaitheacht in Institiúid Oideachais Marino agus atá ar an ngrúpa stiúrtha don tionscadal seo "Tugann an clár nuálaíoch seo múinín, eolas agus scileanna do mhúinteoirí agus do scoileanna chun go neadóidh siad an t-oideachas don inbhuanaitheacht ina gcuid múinteoireachta agus foghlama. Trí thacaíocht phraiticiúil, oiliúint ar líne agus rochtain ar acmhainní oideachais ardchaighdeáin ina bhfuil naisc leis an gcuraclam leagtha amach go soiléir, tá sé éasca an fhoghlaim sa seomra ranga a thabhairt le chéile in ábhair éagsúla. Beidh gníomhartha praiticiúla agus éifeachtacha á ndéanamh ag an scoil chun dramhaíl a laghdú agus athchúrsáil acmhainní nádúrtha a chur chun cinn".

Tugtar cuireadh do mhúinteoirí agus do bhaill foirne eile scoile páirt a ghlacadh i gclár oiliúna ar líne (4 x 1.25 uair de cheardlanna) chun foghlaim faoin múiríniú agus conas a thacaíonn sé le timthriallta uisce, cothaitheach agus carbóin bhunriachtanacha, a chuireann ar ár gcumas an bia a fhás atá bunriachtanach dúinn. Ina theannta sin, rachaidh múinteoirí i dtaithí ar réimse de ghníomhaíochtaí éagsúla ar féidir leo a úsáid sa seomra ranga chun an fhoghlaim a spreagadh i ndaltaí de gach aois . Nuair a bheidh an oiliúint thart, tabharfaidh speisialtóir ó Mhúirín Éireann cuairt ar gach scoil atá ag glacadh páirte chun cabhrú le córais a chur i bhfeidhm chun dramhaíl bhia a scaradh amach do bhailiúchán na n-araidí donna, córais múiríne a bhunú le haghaidh ábhar garraíodóireachta agus tírdhreacha agus/nó piastlanna a chruthú chun dramhaíl bhia atá fágtha tar éis am lóin na ndaltaí agus na foirne a mhúiríniú. Cuirfidh na rudaí seo go léir cosc ar dhamhaíl agus laghdófar astaíochtaí gás ceaptha teasa. Chomh maith leis sin, cuirfear uirlisí ar fáil do dhaltaí chun foghlaim faoi éiceolaíocht ithreach agus bitheolaíocht orgánach múirínithe.

# Buaicphointí Sheachtain Gníomhaithe ar

**D'óstáil Comhairle Contae Fhine Gall Seachtain Gníomhaithe ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath 2021 (DCAW21) a bhí ar siúl ón 13 go dtí an 19 Meán Fómhair. Ba thionscnamh de chuid na gceithre údaráis áitiúla i mBaile Átha Cliath, CARO & Codema é DCAW21, a raibh mar chuspóir leis an dul chun cinn atáthar a dhéanamh i dtaobh gníomhaithe ar son na haeráide a chur os comhair mhuintir Bhaile Átha Cliath agus níos faide i gcéin agus mar atá údaráis áitiúla agus comhpháirtithe áitiúla i mbun treoraithe maidir le gníomhú ar son na haeráide.**




D'óstáil Comhairle Contae Fhine Gall i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Dhún Laoghaire, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, CARO & Codema réimse leathan imeachtaí a raibh daoine i láthair acu ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath a chlúdaigh na téamaí Fuinneamh agus Foirgnimh, Iompar, Seasmhacht Tuile, Réitigh Nádúrbhunaithe, Bainistiú Acmhainní agus Comhpháirteachas Saoránach.

Ar cheann de bhuaicphointí DCAW21 bhí díospóireacht phainéil ar líne ar Ghníomhú ar son na hAeráide le Príomhfheidhmeannaigh na gceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath ina ndearnadh plé ar chuir chuige i gcomhar agus cuir chuige áitiúla maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, chomh maith leis an dul chun cinn atáthar a dhéanamh ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath maidir le Gníomhú ar son na hAeráide.

Faoin téama Bainistiú Acmhainní, d'óstáil Comhairle Contae Fhine Gall cuairt ar an láthair chuig Páirc Bhaile Roiséir i Lusca, an áit a raibh láithreán líonta talún Bhaile Amhlaoibh tráth, atá anois dúnta isteach agus tionscadal athchóirithe forleathan curtha i gcrích ann. Tá páirc déanta den áit anois agus is luachmhar an taitneamhacht phoiblí a bheidh inti. Labhair ionadaithe ó Roinn Comhshaoil, Gníomhaithe ar Son na hAeráide agus Taisteal Gníomhach Chomhairle Contae Fhine Gall faoi chleachtais bainistithe dramhaíola in Éirinn, idir sheanchleachtais agus chleachtais nua, na tairbhí a bhaineann le córais astarraingthe gáis láithreáin líonta a chuireann gáis cheaptha teasa chun tairbhe chun leictreachas a ghineadh agus tugadh leideanna chun dramhaíl a laghdú sa bhaile chomh maith. Leagadh béim le linn an tseimineáir gréasáin 'Tograí Athúsáid agus Deisigh i bhFine Gall' ar thograí lena n-áirítear an 'Togra Uirlisí' trína ndéanann Comhairle Contae Fhine Gall socruithe chun uirlisí a thugtar isteach ag ionaid athchúrsála na Comhairle lena ndiúscairt a ghlanadh agus a dheisiú.

Tríd is tríd, d'éirigh thar cionn le DCAW21 i bhFine Gall agus ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath. Ar cheann de na cuspóirí is tábhachtaí le linn na seachtaine bhí gníomhú ar son na haeráide a 'fhíorú' chun go bhfeicfeadh saoránaigh mar is Gníomhú ar Son na hAeráide ann. Baineadh sin amach trí na himeachtaí i gcaitheamh na seachtaine, trínar tugadh léargas ar na bearta Gníomhaithe ar Son na hAeráide ar fud iomaí réimse de théamaí. Níos tábhachtaí fós tugadh ugach dúinn go léir a bheith níos feasaí maidir leis an nasc atá idir na gníomhaíochtaí a dtugaimid fúthu gach lá agus an tionchar atá acu ar an timpeallacht. Cuidíodh, trí imeachtaí DACW21, feasacht a ardú maidir le bearta Gníomhaithe ar son na hAeráide. Is cuma más beart beag nó beart mór é beimid ar fad, agus muid in éindí, ábalta todhchaí inbhuanaithe a chruthú do na saoránaigh ar fad ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar bhearta Gníomhaithe ar son na hAeráide agus is féidir leat féachaint ar sheimineáir ghréasáin ó DCAW21 ag an nasc a leanas https://dublinclimatechange.codema.ie/climate-action-week/event-resources/

# Plean Gníomhaíochta Dramhaíola na hÉireann don Gheilleagar Ciorclach

## Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach aistriú go Geilleagar Ciorclach?

**Is as amhábhair a baineadh as an talamh atá na hearraí tomhaltais a mbainimid úsáid astu ar bhonn laethúil déanta, amhail meaisíní níocháin, teilifíseáin, ríomhairí, carranna agus bréagáin leanaí.**

Go dtí le gairid, fuaireamar réidh leis na hearraí sin trí iad a chur chuig líonadh talún. Próiseas thar a bheith diomailteach ab ea é. Bhí amhábhair i gcuid de na hearraí sin a bhféadfaí úsáid eile a bheith bainte as. Mar shampla, is féidir le suas go 80% de na hamhábhair i bhfearas mór tí amhail meaisín níocháin a athchúrsáil agus a úsáid arís. D'fhonn earraí tomhaltais nua a tháirgeadh, ní mór breoslaí iontaise a úsáid chun fuinnimh le haghaidh monaraíochta a ghiniúint, lena scaoiltear gáis ceaptha teasa, amhail dé-ocsaíd charbóin, isteach san atmaisféar, a chuireann leis an Athrú Aeráide.

## Ag Bogadh i dtreo Geilleagar Ciorclach

Le Plean Gníomhaíochta Dramhaíola nua na hÉireann don Gheilleagar Ciorclach, déantar bealach a réiteach chuig geilleagar de chineál níos ciorclaí tríd an bhéim a athrú ó bheith ag smaoineamh ar mar a dhéanaimid ár ndramhaíl a dhiúscairt go dtí bheith ag smaoineamh ar mar a dhéanaimid ár n-earraí a dhearadh, a dhéanamh agus a úsáid ar bhealach a ligfidh dúinn iad a choinneáil in úsáid chomh fada agus is féidir.

Cuirfear spriocanna nua athchúrsála i bhfeidhm do chuideachtaí bailithe dramhaíola tí agus tabharfar isteach scéim caighdeánaithe dathanna maidir le boscaí bruscair ar fud na tíre le go mbeidh cúrsaí athchúrsála do thithe cónaithe i bhfad níos éasca agus níos simplí. Mar thoradh ar fheachtais oideachais agus feasachta, déanfaimid an méid dramhaíola a athchúrsálfar agus a athúsáidfear a uasmhéadú chun tacú le prionsabal an gheilleagair chiorclaigh.

## Conas is féidir le daoine aonair, líonta tí agus gnólachtaí tacú leis an bplean?

Tá scéimeanna éarlaise agus aisíoca maidir le cannaí alúmanaim agus buidéil phlaisteacha á dtabhairt isteach, is bealach cliste é seo chun daoine a spreagadh níos mó athchúrsála a dhéanamh. Thosaigh branda mór ollmhargaidh amháin in Éirinn ag leathadh amach scéim éarlaise agus aisíoca ina chuid siopaí cheana féin.

Tá cupáin indiúscartha chaife ina bhfadhb mhór, ní hamháin in Éirinn ach go domhanda. In Éirinn, agus i go leor tíortha eile, ní bhíonn cupáin beir leat in-athchúrsáilte. Déantar 22,000 cupán beir leat a dhiúscairt in Éirinn gach uair an chloig, is earraí aon-úsáide iad agus ídítear acmhainní nádúrtha chun iad a dhéanamh, a iompar agus a dhiúscairt. Leis seo, cuirtear geilleagar líneach atá neamh-inbhuanaithe chun cinn, agus spreagtar stíl mhaireachtála bunaithe ar an mana 'tóg, déan agus caith uait'. Beart simplí, éifeachtach a bhféadfadh daoine aonair a dhéanamh ná cupáin in-athúsáidte a roghnú. Is féidir leat cuardach a dhéanamh ar chaiféanna i do cheantar áitiúil a bhfáiltítear roimh chupáin in-athúsáidte iontu ar Léarscáil na gCaiféanna, https://www.consciouscup.ie/cafe-map.php, arna ullmhú ag lucht an Fheachtais Conscious Cup, eagraíocht neamhbhrabúis a bhfuil sé mar aidhm aici laghdú a dhéanamh ar líon na gcupán aon úsáide in Éirinn, agus faoi dheireadh, fáil réidh leo go hiomlán.

Déantar 220,000 buidéal plaisteach a ghiniúint in Éirinn in aghaidh an lae. Ní dhéantar 68% dóibh sin a athchúrsáil. Is tionscadal comhshaoil é Refill Ireland a bunaíodh sa bhliain 2017 a bhfuil sé d'aidhm aige a chinntiú go mbeidh gach duine i mbailte agus i gcathracha in ann buidéil a athlíonadh le huisce buacaire fad a bhíonn siad ag imeacht leo. Suiteáladh scairdeáin uisce gan tadhall i bpáirceanna poiblí agus tá áiteanna athlíonta saor in aisce á dtairiscint ag gnólachtaí agus eagraíochtaí. Is uirlis nuálach í TAP MAP https://refill.ie/tap-map/, áit ar féidir leat cuardach a dhéanamh ar áiteanna athlíonta uisce i do cheantar áitiúil.

Ar deireadh thiar, tá rath an phlean ag brath ar athrú iompraíochta. Ní mór dúinn go léir a bheith níos feasaí maidir leis an nasc atá idir na gníomhaíochtaí a dtugaimid fúthu gach lá agus an tionchar atá acu ar an timpeallacht. Roimhe seo, dhéantaí earraí a athúsáid, a dheisiú agus a mhalartú, ach tá na sean-nósanna sin imithe i léig agus seachas sin bímid ag diúscairt sean-earraí agus ag ceannach earraí nua ina n-áit. Ní mór dúinn filleadh ar na nósanna níos inbhuanaithe sin: a bheith níos cliste faoi mar a úsáidimid na hacmhainní atá againn agus sa deireadh, aire níos fearr a thabhairt don chomhshaol.

Conscious Cup Campaign

# Íosphartaigh Covid-19 á gCoimeád i gCuimhne i bhFine Gall ar Lá Idirnáisiúnta na nDaoine Scothaosta

**Rinneadh comóradh speisialta orthusan a bhásaigh de dheasca Covid-19 Dé hAoine an 1 Deireadh Fómhair, nuair a chuir Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh, i dteannta an Phríomhfheidhmeannaigh AnnMarie Farrelly, crann cuimhneacháin i bPáirc an Bhaile, Sord. Tá an cur crainn seo ar cheann de roinnt eile dá leithéid atá ar siúl ar fud na tíre chun Lá Idirnáisiúnta na nDaoine Scothaosta a cheiliúradh.**


An Mhéara, Cllr Seána Ó Rodaigh, CE AnnMarie Farrelly agus Martina O'Connor

Is mar chuid d'fheachtas náisiúnta, a thionscain John Keogh, a bhfuil na crainn seo á gcur chun foraois cuimhneacháin náisiúnta a chruthú. Bhásaigh deirfiúr John, Amanda, go tragóideach de dheasca Covid-19 sa bhliain 2020. Tá sé d'aidhm leis an bhfeachtas i bhfad níos mó crann a chur chun comóradh a dhéanamh orthusan ar fad a fuair bás, mar aon leosan a rinne go leor íobairtí chun seirbhísí túslíne a chur ar fáil le linn na paindéime.

Labhair Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh faoin tionchar a bhí ag Covid-19 ar dhaoine níos sine ach go háirithe. 'Nuair a bhí daoine scothaosta na tíre ag clutharú, ghéill siad a gcuid folláine shóisialta ar mhaithe le fanacht slán sábháilte sa bhaile agus chaill siad an deis thábhachtach a bheith ag déanamh bróin le chéile agus sólás a thabhairt dá chéile nuair a bhí cairde agus daoine muinteartha ag imeacht ar shlí na fírinne. Tá sé tábhachtach dúinn stopadh ag an tráth seo inniu, aitheantas a thabhairt don íobairt sin agus am a thabhairt chun cuimhneamh a dhéanamh.'

Labhair AnnMarie Farrelly, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle Contae Fhine Gall, faoi thábhacht an chomóraidh chomh maith. 'Bhí tionchar mór ag Covid-19 ar phobail eile freisin ach sheas siad lena gcairde, lena dteaghlaigh agus lena gcomharsana in am an ghátair chomh maith. Déanaimid comóradh inniu, ar Lá Idirnáisiúnta na nDaoine Scothaosta, ní hamháin orthusan a bhásaigh róluath, ach tugaimid chun cuimhne chomh maith an cúram agus an cineáltas a thug slán muid nuair a bhí an tír ar anchaoi.'


AnnMarie Farrelly, Seána Ó Rodaigh leis na teaghlaigh O'Brien, O'Connor agus Keogh

Cuireadh an crann cuimhneacháin seo in aice leis an gcreig-ghairdín laistigh de Pháirc an Bhaile, roghnaíodh an áit seo de bharr shuaimhneas an tsuímh, i Sord, príomhbhaile contae Fhine Gall. Áit é seo inar féidir le cuairteoirí machnamh ciúin a dhéanamh agus a ndaoine muinteartha féin a thabhairt chun cuimhne, mar aon leosan ar fad a fuair bás le linn na paindéime.

# Filleann Seanghbhair na hÉireann ar Cheann Bhinn Éadair tar éis céad bliain fhada

**Tá áthas ar Chomhairle Contae Fhine Gall tionscadal féaraigh caomhnaithe ceannródaíoch a fhógairt, le seanghabhair na hÉireann, ag Binn Éadair, i dTearmann Bithsféir UNESCO i mBá Bhaile Átha Cliath. Is tionscadal comhpháirtíochta í an scéim, a mhairfidh 3 bliana, idir Comhairle Contae Fhine Gall agus Cumann Seanghabhar na hÉireann le tacaíocht ó SAAO Bhinn Éadair.**



Seána Ó Rodaigh agus Melissa Jeuken

Cuireadh an chéad chéim den tionscadal ar bun nuair a tugadh grúpa de 25 Seanghabhar Éireannach, ón tréad náisiúnta sa Mhala Raithní, Co Mhaigh Eo, go dtí a dteach nua ar Cheann Bhinn Éadair le déanaí. Bainfidh an tionscadal úsáid as modhanna traidisiúnta bainistíochta, tréadaí gabhair agus madraí caorach. Bainfear triail freisin, den chéad uair in Éirinn, as córas "Gan fál" na hIorua a bhaineann úsáid as córas rianaithe GPS chun limistéir féaraigh gan fál a leagan amach.

D'fhostaigh Cumann Seanghabhar na hÉireann tréadaí gabhair chun an tionscadal féaraigh ar Bhinn Éadair a bhainistiú. Dúirt Seán Carolan, ó Chumann Seanghabhar na Éireann: "Déanfaidh an tréadaí an tréad gabhar a bhainistiú ar Bhinn Éadair, bogfaidh sí na gabhair ar bhonn laethúil ó shuíomh go suíomh agus tabharfaidh sí aire don chlár póraithe".

Filleann an pór gabhair dúchasach seo, a bhfuil fíorbhaol ag baint leis, ar ais go fraochmhánna Cheann Bhinn Éadair, tar éis hiatas beagnach céad bliain. Beidh ról tábhachtach ag na gabhair seo i mbainistiú an fháis chun an riosca dóiteáin do thithe a laghdú, agus bithéagsúlacht na ngnáthóg fraochmhá tosaíochta a fheabhsú. Tá sé de chumas ag seanghabhair na hÉireann carnadh aiteann a rialú, go háirithe tar éis tinte agus mar gheall ar a n-iompar innilte agus a gcóras díleá éifeachtacha, tá siad ábalta oiriúnú don bheathú ar thimpeallachtaí níos crua le fraochmhánna ar chaighdeán íseal cothaitheach. Cuireann siad réiteach níos tíosaí agus níos inbhuanaithe ar fáil chun an tírdhreach a bhainistiú.



"Tá nasc soiléir idir beostoc ag dul i léig agus meath na fraochmhánna ar Bhinn Éadair" a dúirt Hans Visser, Oifigeach Bithéagsúlachta le Comhairle Contae Fhine Gall. "Trí innilt le gabhair a athbhunú, tá sé beartaithe againn an fraochmhá a athbhunú agus an riosca ó thinte sléibhe ar Bhinn Éadair a laghdú."

Bhí Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Séana Ó Rodaigh agus Cathaoirleach Mhaigh Eo, an Comhairleoir Michael Smyth i láthair chun an ócáid mhór seo a fheiceáil. Dúirt Ó Rodaigh "Is tionscadal fíor uathúil é seo. Tá réiteach nádúrtha, inbhuanaithe molta ag Comhairle Contae Fhine Gall chun falscaí a laghdú a théann chun leasa na n-ainmhithe féin a bhaineann leis an ngnáthóg álainn seo. " Dúirt an Comhairleoir Michael Smyth go raibh "an-áthas air seanghabhair na hÉireann a fheiceáil ag filleadh ar ais go Ceann Bhinn Éadair". Thug sé ardmholadh do "gach duine a raibh baint aige le comhpháirtíocht nuálach a chruthú chun Binn Éadair a fheabhsú agus ár bpór dúchasach gabhar a chaomhnú".

Tá post neamhghnách ag Melissa Jeuken, sé sin aire a thabhairt don tréad seo agus dar léi nach gcuirfidh siad isteach ar chuairteoirí chuig an láthair áilleachta seo a bhfuil tóir air. "Táimid ag meabhrú don phobal a gcuid madraí a choinneáil ar éill agus iarraimid ort gan bia a thabhairt do na gabhair má thagann tú orthu. Is féidir leat agus ba chóir duit cuairt a thabhairt ar an áit dhochreidte seo agus taitneamh a bhaint as na conairí siúil agus an radharcra atá le fáil ag Binn Éadair. "

# Fingal Libraries

## Work Matters

Cuidíonn an tseirbhís Work Matters i leabharlanna Fhine Gall le cuardaitheoirí poist agus le gnólachtaí nuathionscanta. Is é an áit is fearr é chomh maith chun a fháil amach faoi scileanna nua, taighde a dhéanamh ar na scileanna sin agus iad a fhoghlaim. Tá cnuasach acmhainní ar fáil chun cuidiú le topaicí a bhaineann le gnó agus fostaíocht amhail ullmhú do jab, do ghnólacht féin a thosú, margaíocht a dhéanamh ar fhiontair bheaga agus ar fhiontair mheánmhéide (SMEnna) agus na meáin shóisialta a úsáid chun gnó a chur chun cinn.

Áirítear a leanas ar sheirbhísí Work Matters:
- Ballraíocht Saor in aisce anseo https://lgma.iii.com/selfreg
- Leabhair, irisleabhair agus tuarascálacha gnó agus fostaíochta
- ríomhLeabhair, ríomhChlos agus ríomhIrisí
- Ríomhairí agus rochtain Saor in Aisce ar Wi-Fi
- Seomraí cruinnithe do ghrúpaí, le staidéar agus taighde a dhéanamh

## Mintel

Tá tuarascálacha taighde margaidh Mintel ar fáil trí Leabharlanna Fhine Gall. Clúdaíonn tuarascálacha Mintel taighde margaidh, tomhaltais agus branda chomh maith le léargais agus treochtaí margaidh idirnáisiúnta a rianú. Tá neart anailíse i mbunachar sonraí Éireann Mintel agus is acmhainn den scoth í do lucht gnó agus iadsan atá ag féachaint lena ngairm a fhorbairt.

https://www.mintel.com/

## Business.ie

Is é Business.ie an bunachar sonraí is mó teagmhálacha gnó in Éirinn a bhfuil bhreis is 130,000 comhlacht agus and 80,000+ teagmháil feidhmeannaigh inti. Déan cuardach ar ghnólachtaí in Éirinn de réir catagóire, láithreach, earnála, saghais, táirge, líon na bhfostaithe agus róil fheidhmeannaigh. Cuir leis an méid díolacháin a dhéanann tú, faigh soláthraithe agus aimsigh na teagmhálacha gnólacht le gnólacht is airde.

https://business.ie/home

## Vision-Net

Tá rochtain ag Vision-Net ar cháipéisí atá comhdaithe in Oifig um Chlárú Cuideachtaí na hÉireann. Áirítear ar an bhfaisnéis atá ar fáil seoltaí, gníomhaíochtaí, stiúrthóirí, brabús agus caillteanas, sócmhainní etc. de chuid chomhlachtaí agus ghnólachtaí na hÉireann. Nuashonraítear an fhaisnéis seo gach lá. Tá asphriontaí ar fáil. Tá faisnéis ar chomhlachtaí sa Ríocht Aontaithe agus i dTuaisceart Éireann teoranta.

https://www.vision-net.ie/index.jsp

Tá tairbhe ag baint le Mintel, Business.ie agus Vision-net do mhic léinn Gnó agus Margaíochta atá i mbun oideachais tríú leibhéal. Is acmhainn mhaith atá ann chomh maith do dhaltaí meánscoile san Idirbhliain atá i mbun taighde a dhéanamh ar ghnólachtaí nó ar chomhlachtaí do shocrúcháin oibre.

Mar chuid d'imeachtaí an Fhómhair/an Gheimhridh i Leabharlanna Fhine Gall beidh Mintel ag reáchtáil Imeachtaí Beo Ar Líne.  Féach ar ár mbróisiúr d'Fhómhar/Gheimhreadh 2021. https://www.fingal.ie/sites/default/files/2021-10/fingal-libraries-autumn-winter-2021-brochure.pdf

Is láthair oibre é an tIonad Tacaíochta Gnó, Fiontair agus Fostaíochta i Leabharlanna Fhine Gall do dhuine ar bith atá ag lorg fostaíochta nó ar mhaith leo a ngairm a fhorbairt mar aon le fiontraithe ag gach leibhéal.  Tá tairbhe mhór i gceist leis do mhic léinn margaíochta i gcoláistí agus do dhaltaí i scoileanna dara leibhéal atá dírithe ar ghnó.

Déan teagmháil le do chraobh áitiúil den leabharlann chun tuilleadh a fháil amach faoi Work Matters.

# Oifigeach Forbartha Pobail Nua Ceaptha do Bhaile Brigín

**Tiocfaidh Leah Walshe i gcomharbas ar Mick Dunne, a raibh an post aige le roinnt blianta. Bhí Leah, atá ag obair le Comhairle Contae Fhine Gall le cúig bliana anuas, lonnaithe i mBaile Átha Cliath 15 roimhe seo.**



Leah Walshe, Ceaptha do Bhaile Brigín

Tá breis is 20 bliain taithí aici a bheith ag obair le réimse leathan pobal sna hOileáin Fhilipíneacha, sa réigiún Mhuir Chairib, san Astráil agus in Éirinn agus tá cúlra aici sa cheartas sóisialta le béim ar chaighdeáin mhacántachta, eiticí agus ionracais a chaomhnú.

Tá cáilíochtaí acadúla aici san Fhorbairt Pobail Idirnáisiúnta, san Iriseoireacht agus i dTithíocht agus tá taithí fhairsing aici san earnáil shóisialta le béim ar theaghlaigh agus leanaí imirceacha leochaileacha mar aon le tuiscint dhomhain a bheith aici ar an gcóras tearmainn go hidirnáisiúnta agus cás na n-imirceach in Éirinn.

Is éard a dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh: "Is cuid lárnach d'obair Oifig Forbartha Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall í pobail láidre, féintuilleamaíocha agus inmharthana a fhorbairt agus tacaíonn sí le saoránaigh an cheantair pobail níos fearr a chruthú trí chlár tacaíochtaí a chur ar fáil. Fáiltím roimh cheapachán Leah Walshe ina hOifigeach Forbartha Pobail nua do cheantar Bhaile Brigín agus guím gach rath uirthi ina ról nua."

Dúirt Liam Burke, Stiúrthóir Gníomhach Tithíochta agus Pobail Chomhairle Contae Fine Gall: "Déanann an Oifig Pobail, i gcomhar leis na hionaid pobail atá againn i mBaile Brigín i mBaile an Phléimeannaigh agus i bhFearann an Chaisleáin, rannpháirtíocht an phobail a spreagadh agus de thoradh cheapachán Leah Walshe ina hOifigeach Pobail don cheantar, déanfar an obair sin a éascú ar go leor bealaí."

Is éard a dúirt Leah Walshe tar éis gur fógraíodh a ceapachán: Tá Baile Brigín ar an bpobal is óige sa tír agus ar cheann de na pobail is éagsúla agus is mó a bhfuil borradh faoi sa tír. Tá go leor láidreachtaí ag baint leis sin, ach is iomaí dúshlán a thagann aníos de bharr athrú tapa taobh istigh de thréimhse ghearr freisin. I m'Oifigeach Pobail i mBaile Brigín, ba mhaith liom deiseanna a chruthú le haghaidh idirghníomhaíocht fhiúntach idir daoine ó gach cineál cúlra. Ba mhaith liom claontacht a mhaolú agus dearcthaí tairbheacha a mhéadú. Is mian liom tacú leis an bpróiseas i leith muinín agus tuiscint a chothú agus ba mhaith liom féiniúlacht choiteann a fhorbairt.




Chuir Leah tús lena cuid oibre sa ról le roinnt seachtainí anuas agus i láthair na huaire tá sí i mbun ullmhúcháin don 22 Deireadh Fómhair, nuair a bheidh srianta COVID-19 laghdaithe go hiomlán ag an Rialtas, agus pleananna á gcur le cheile maidir le fáiltiú athoscailte agus seoladh Mhol Pobail agus Spóirt Fhine Gall i mBaile Brigín lena n-áireofar sraith laethanta oscailte ar a gcuirfear raon grúpaí pobail agus seirbhísí tacaíochta pobail i láthair.

# Féile Staire Fhine Gall 2021

**Sheol Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh, cúigiú Féile Staire bhliantúil Fhine Gall De Máirt, an 14 Meán Fómhair.**

Reáchtáladh féile na bliana seo ar líne agus cuireadh na cainteanna ar fad ar fáil ar chainéal YouTube agus ardáin meán sóisialta Leabharlanna Fhine Gall.

Mar chuid den chlár, eagraíodh Stair ag an gCaisleán, lá ar a ndearna cainteoirí éagsúla cuir i láthair ar ábhair a bhain le Críochdheighilt, An Sos Cogaidh, An Conradh Angla-Éireannach agus cúinsí polaitíochta eile a bhí ábhartha le linn na tréimhse sin i stair na hÉireann.




Emer O'Gorman - Stiúrthóir Seirbhísí, An Mhéara, Cllr Seána Ó Rodaigh agus an Leabharlannaí Contae, Betty Boardman

Seo mar a labhair Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh, maidir leis an ócáid: "Tá meascán iontach de thopaicí áitiúla agus náisiúnta i gceist le Féile Staire Fhine Gall na bliana seo, a thaitneoidh go mór le duine ar bith a bhfuil suim aige i dtréimhse na réabhlóide in Éirinn. Cuimsítear ceol, amhránaíocht & stair ann, a taifeadadh ar shuíomh aoibhinn Chaisleán Shoird, atá ina fhoinse shaibhir staire agus ina ní suntasach is díol spéise ó thaobh cultúir.

Dúirt Betty Boardman, an Leabharlannaí Contae: "Cé go bhfuil seirbhísí leabharlainne ag teacht ar ais ina gceart arís de réir a chéile, ní bheimid in ann fáilte a chur roimh lucht féachana beo chuig imeachtaí i leabharlanna go ceann tamaill eile. Is ar líne a reáchtálfar Féile Staire na bliana seo, leis na cainteanna a taifeadadh á gcraoladh ar chainéal YouTube Leabharlanna Fhine Gall agus ar na hardáin meán sóisialta atá againn le go mbeidh daoine in ann sult a bhaint astu. Tá clár fíorspéisiúil curtha le chéile ag Foireann na nImeachtaí sna Leabharlanna a chlúdaíonn Críochdheighilt, An Sos Cogaidh & An Conradh Angla-Éireannach, mar aon le hábhair spéise áitiúla amhail an Stáisiún Garda Cósta ag Ballaí Robac & Mór-Iarnród an Tuaiscirt."

Fingal Festival of History 2021

25 September – 2 October

Ar ábhair na gcainteanna, a ndearnadh taifeadadh orthu sa Séipéal ag Caisleán Shoird, tá a leanas:

- Cuimhne ar mar a bhí an saol i bhFine Gall le linn na bliana 1921 le Declan Brady
- Staidéar ar thionchar na Críochdheighilte in Éirinn leis an staraí Cormac Moore
- An gnáthshaol le linn tréimhse neamhghnách, á phlé ag Lou Boland
- Próiseas na Síochána & An Sos Cogaidh, á phlé ag John Dorney agus Bernard Kelly
- "Dark Days, Homeward Bound to Better Times" an teideal atá ar an gcaint a thug an Comhairleoir Cathal Boland.
- Labhair Brian Gallagher, údar leabhar do leanaí, faoin inspioráid stairiúil dá leabhar Taking Sides
- Phléigh Garry Ahern meath an Gharda Cósta ag Ballaí Robac
- Rinne Siobhan Osgood iniúchadh ar an ailtireacht agus ar imeachtaí staire a bhain le Mór-Iarnród an Tuaiscirt
- An ghluaiseacht frith-vacsaínithe i dtréimhse na réabhlóide, á fhiosrú ag Bernard Kelly.
- Chun críoch a chur le cúrsaí, chas David O'Connor, le tionlacan ó Aidan agus Helen Lawlor, rogha ceoil agus amhrán a bhain leis an tréimhse, an t-amhrán 'Shanagolden' ina measc

# Oíche Chultúir 2021

**Bhí an-áthas ar Chomhairle Contae Fhine Gall clár iontach d'imeachtaí saor in aisce a fhógairt a bhí ar siúl in áiteanna éagsúla i bhFine Gall chun Oíche Chultúir na bliana 2021 a cheiliúradh. Imeacht poiblí náisiúnta a bhíonn ar siúl gach bliain í an Oíche Cultúir a dhéanann ceiliúradh ar an gcultúr, ar an gcruthaitheacht agus ar na healaíona, tá sé 16 bliain ó cuireadh tús leis an ócáid. Cuireadh síneadh le huaireanta oscailte eagraíochtaí ealaíon agus cultúir, caisleán agus tithe stairiúla i bhFine Gall chun scoth na tallainne áitiúla agus sárshaoráidí cultúir a chur os comhair an phobail. Bhí lucht spéise ábalta 'Teacht le Chéile Arís' chun sult a bhaint as ceol, filíocht, ealaín, turais agus cainteanna a bhí pleanáilte go speisialta i bhFine Gall d'Oíche Chultúir, ar líne nó i láthair ag na hionaid agus áiteanna a bhí páirteach sa cheiliúradh.**


Emer O'Gorman - Stiúrthóir Seirbhísí, An Mhéara, Cllr Seána Ó Rodaigh agus Susan Lovatt - Fingal Libraries

Chuir Oifig Ealaíon Fhine Gall dhá imeacht speisialta i láthair; turas leis an léiritheoir Marysia Wieckiewicz Carroll ó 'New Considerations of Familiar Settings', taispeántas ealaíne comhaimseartha don chéad chlár 'GUEST' ag Teach Newbridge agus taispeáint 'A Burning Tide', ag Cuan Loch Sionnaigh.

D'd'óstáil Leabharlanna Fhine Gall imeacht filíochta agus ceoil ar líne agus is féidir teacht air trí Chainéal YouTube Leabharlanna Fhine Gall. Chuir Our Balbriggan fáilte roimh chuairteoirí féachaint ar an taispeántas grianghrafadóireachta a bhí acu inar leagadh béim ar chósta álainn Bhaile Brigín. Reáchtáladh Institiúid Ceoil agus Amhrán na hÉireann, saoráid ceoil den scoth i mBaile Brigín, bealach ceoil trína campas agus chuir Réadlann Dhún Sinche DIAS oíche faoi na réaltaí i láthair lena n-áirítear cainteanna 'ar luas an tsolais'. Bhí cuairteoirí ábalta dul ag spaisteoireacht trí limistéir áille taobh istigh Chaisleán Mhullach Íde, ceann de na maoine oidhreachta is fearr i bhFine Gall.

Is éard a dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh, faoin gclár: "Déanfar ár gcultúr a cheiliúradh leis an gclár iontach seo d'Oíche Chultúir, trí fhilíocht, amhrán, scríbhneoireacht chruthaitheach, a bheidh ar fáil trí Ghaeilge chomh maith, taispeántais ghrianghrafadóireachta, deiseanna chun caidreamh a dhéanamh le healaíontóirí i nDiméin Ard Giolláin agus Teach Newbridge, chomh maith le go leor eile. Tá moladh ag dul do gach duine atá páirteach agus táim lánchinnte go n-éireoidh thar cionn leis."



Is éard a dúirt an Príomhfheidhmeannach, AnnMarie Farrelly: "Cuirim fáilte roimh an deis a bhíonn ann le linn Oíche Chultúir gach bliain an cultúr chomh maith le dianiarracht ealaíonta a chomóradh agus a thacú i bhFine Gall agus chun maoine Oidhreachta Fhine Gall a chur os comhair an phobail de réir mar a osclóimid doirse na maoine don phobal. Ní haon eisceacht í an bhliain seo agus beidh go leor deiseanna iontacha ar fáil tríd an gclár atá beartaithe chun ceangal a dhéanamh leis an gcruthaitheacht agus leis an gcultúr chomh maith le sult a bhaint astu ar líne agus ag imeachtaí a mbeidh daoine i láthair acu araon."

Is éard a dúirt an Stiúrthóir Seirbhísí, Emer O'Gorman: "Tréimhse thar a bheith dúshlánach a bhí sna hocht mí dhéag seo caite don Chultúr agus na hEalaíona ach tharraing sin aird ar an ról tábhachtach atá ag na réimsí sin sa tsochaí. Tá an-áthas orm an clár thar cionn seo a chur i láthair d'Oíche Chultúir ag tréimhse iontach do na healaíona ós rud é go mbeidh lucht spéise ábalta 'Teacht le Chéile Arís' chun sult a bhaint as réimse ceoil, filíochta, ealaíne, turais agus cainteanna saor in aisce agus sin a dhéanamh ag na himeachtaí iad féin nó ón mbaile."

# Seachtain um Aosú Dearfach 2021



An Leas-Mhéara Daniel Whooley, Bridie ONeill, Caroline Power, Fingal agus Cllr Tom Kitt


Julie agus Bernard Daly





Dagmar Smith agus Elizabeth Hogan





Imeacht Pobail in Institiúid Ceoil & Amhrán na hÉireann, Baile Brigín

# Tionscadal Forbartha ag Páirc Shráidbhaile na hAille & Spás Súgartha Poiblí ag Leabharlann Bhaile Gháire


Tionscadal Forbartha ag Páirc Shráidbhaile na hAille

**Tá an-áthas ar Chomhairle Contae Fhine Gall a fhógairt go bhfuil tús á chur leis an bpróiseas foirmiúil pleanála don Tionscadal Forbartha atá beartaithe do Pháirc na hAille agus don Spás Súgartha Poiblí atá beartaithe ag Leabharlann Bhaile Gháire. Is é is aidhm leis an dá thionscadal, atá faoi stiúir Rannán na bPáirceanna & Bonneagair Ghlais de chuid na Comhairle, spásanna a chur ar fáil a bheadh báúil le hoidhreacht chultúrtha, staire agus nádúrtha an tsuímh agus a bheadh ina léiriú uirthi sin.**

Beidh roinnt gnéithe i gceist le Páirc na hAille, mar seo a leanas:

- Spás na Slí Isteach: Is é seo an príomhbhealach isteach do choisithe agus an áit a théann tú isteach go dtí an pháirc ó Bhóthar Bhaile Brigín.
- Faiche an Bhaile: Déanfar pointe fócais d'fhaiche an bhaile a bheidh curtha in áit go straitéiseach, agus déanfar gnéithe eile a leagan amach mórthimpeall air.
- Clós Súgartha: Bainfear leas as téamaí ó oidhreacht shaibhir na hAille chun eolas a dhéanamh don chlós súgartha chun eispéireas súgartha a chruthú atá fréamhaithe go domhain i stair na háite.
- Áit Áineasa agus Aclaíochta: Is spás é an áit aclaíochta, a bheidh suite díreach ar an taobh ó dheas den chlós súgartha, a bheidh leagtha amach ar mhaithe le gníomhaíochtaí spóirt agus aclaíochta agus tá sé i gceist go ndéanfar freastal leis ar raon leathan aoisghrúpaí agus úsáideoirí.
- Gairdín Machnaimh: Tá sé beartaithe go gcuirfear gairdín machnaimh sa chúinne thiar theas den suíomh. Féachfar leis an suíomh seo pointe fócais a dhéanamh de na seanfhoirgnimh agus na seanbhallaí atá mar chuid de theorainn na páirce.

Is éard a dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh, agus í ag trácht ar an Tionscadal Forbartha atá beartaithe: "Áit iontach a bheidh sa Tionscadal Forbartha atá beartaithe do Pháirc Shráidbhaile na hAille don phobal chun teacht le chéile agus cuirfear áiseanna áineasa ar fáil leis do chách, idir shean agus óg, ó chlós súgartha spreagtha ag an Aill go dtí faiche an bhaile agus an gairdín machnaimh."

Beidh roinnt gnéithe ag baint leis an Spás Súgartha Poiblí ag Leabharlann Bhaile Gháire, mar seo a leanas:

- Limistéir an Phláis Slí Isteach: Glacadh cur chuige atá báúil don ailtireacht sna tograí maidir leis an tírdhreach a fheabhsú ag slí isteach Leabharlann Carnegie, a léiríonn meas ar an ngaol idir an Leabharlann agus Séipéal na Deastógála.
- Limistéar Picnice agus Faiche Snoite: Ó dheas ó aghaidh theas na leabharlainne, tá spás ilfheidhmeach beartaithe ina bhféadfaí spraoi neamhfhoirmeálta a dhéanamh.
- An Gairdín Súgartha Coillearnaí: Freastalóidh an Gairdín Súgartha Coillearnaí ar raon leathan aoisghrúpaí ina gcruthófar deiseanna súgartha fiontracha, dúshlánacha agus sóisialta ar shuíomh nádúrtha.


Spás Súgartha Poiblí ag Leabharlann Bhaile Gháire

# Seolann Comhairle Contae Fhine Gall agus Cumann Peile na hÉireann an séú bliain de Chúrsa Peile agus Aclaíochta na hIdirbhliana

**Bhí iar-imreoir sinsearach idirnáisiúnta Phoblacht na hÉireann John O'Shea mar ina speisialta ag seoladh Chúrsa Peile agus Aclaíochta na hIdirbhliana 21/22. Is é seo an 6ú bliain den chúrsa, atá á reáchtáil ag Comhairle Contae Fhine Gall agus Cumann Peile na hÉireann.**

Tugann an cúrsa, ina nglacann rannpháirtithe ó gach cearn de Fhine Gall páirt, deis do scoláirí na hIdirbhliana blaiseadh a fháil den traenáil peile go lánaimseartha agus ag an am céanna ag comhlíonadh a gcuid riachtanais oideachais agus cáilíochtaí a fháil ó thaobh cóitseáil agus traenáil aclaíochta.

Ghlac John O'Shea, a bhfuil 118 caipín idirnáisiúnta aige, agus atá ar cheann de na peileadóirí is rathúla in Éirinn, páirt i seisiún ceisteanna agus freagraí inar thug sé neart comhairle mhaith do na scoláirí óga a dhéanann an turas gach lá go dtí an Chorr Dhubh as gach cearn den chontae.

Ag an seoladh dúirt cóitseálaí cúnta Faoi-21 na hÉireann agus iar-imreoir idirnáisiúnta O'Shea: "Ba chúis mhór áthais dom bualadh leis na scoláirí agus na cóitseálaithe go léir sa Chorr Dhubh agus cabhrú leo seoladh an séú bliain de chúrsa Peile agus Aclaíochta na hIdirbhliana, a reáchtáil Cumann Peile na hÉireann agus Comhairle Contae Fhine Gall, a cheiliúradh. Mar a mhínigh mé do na mic léinn, thabharfainnse rud ar bith ach a leithéid de dheis a bheith ar fáil dom nuair a bhí mé ar comhaois leo. Is clár iontach é seo a thairgeann conair sa pheil agus sa tionscal folláine dóibh agus iad ag leanúint dá gcuid staidéir ag an am céanna. Tá go leor deiseanna gairme ar fáil sa spórt sa lá atá inniu ann agus guím gach rath orthu sa mbliain amach romhainn. "

Le linn na scoilbliana 2021-22, déanfaidh na 25 mac léinn Idirbhliana atá ag glacadh páirt sa chlár meascán d'ábhair acadúla ar nós Matamaitic agus Béarla le raon cúrsaí agus modúil cóitseála peile i





John O'Shea iarimreoir idirnáisiúnta na hÉireann le rannpháirtithe an Chúrsa Peile agus Aclaíochta

dTeagasc Aclaíochta, Scileanna Meán agus Forbairt Phearsanta chomh maith le traenáil peile agus obair nirt agus aclaithe. Ina theannta sin, tabharfaidh na rannpháirtithe faoi Chúrsa do Theagascóirí Folláine ITEC curtha ar fáil ag Traenáil Folláine Litton Lane. Fillfidh siad freisin ar a mbunscoil áitiúil lá amháin sa tseachtain chun oibriú le múinteoirí i seachadadh corp oideachais agus chun taithí oibre luachmhar a fháil.

Dúirt comhordaitheoir an chúrsa, agus Oifigeach Forbartha FAI cómhaoinithe le Comhairle Contae Fhine Gall, Denis Hyland: "Tugann an cúrsa seo deis do na himreoirí iad féin a thumadh sa pheil ar feadh bliana agus a riachtanais oideachais a chomhlíonadh ag an am céanna. Ag an aois seo téann roinnt mhaith imreoirí óga thar lear chun páirt a ghlacadh i gclubanna gairmiúla agus tugann an clár seo deis dóibh na buntáistí peile céanna agus go leor eile a bhaint amach agus iad ábalta fanacht sa mbaile lena dteaghlaigh chomh maith le rud éigin a thabhairt ar ais dá bpobail áitiúla.

"Ó thosaigh muid sa bhliain 2016 tá an cúrsa imithe ó neart go neart ag cruthú conair d'imreoirí scoláireachtaí lánaimseartha, conarthaí na chéad foirne i Sraith na hÉireann, conarthaí gairmiúla thar lear agus peil idirnáisiúnta faoi aois a bhaint amach. Le seachtain anuas roghnaíodh seachtar iar-scoláirí don fhoireann faoi-17, triúr don fhoireann faoi-19 agus cúigear do na painéil faoi-21. Baineadh sprioc thábhachtach amach an mhí seo caite nuair a bhí Andrew Omobamidele, a d'fhreastail ar an gcúrsa sa bhliain 2018, ag imirt don fhoireann idirnáisiúnta shinsearach. Tá sé seo thar barr agus creidim gur chuidigh an caidreamh iontach idir na clubanna faoi aois agus muid féin na himreoirí seo a fhorbairt. Is eiseamláirí iad na céimithe seo don chúrsa anois, agus tá an baraiméadar socraithe acu agus léirigh siad dár gcuid scoláirí reatha gur féidir leo a lorg a leanúint le hobair chrua. "

# Marathonkids 2021

**Is clár 8 seachtaine é Marathonkids Ireland (http://marathonkidsireland.ie) do dhaltaí rang 5-6 in Éirinn. Is éard a bheidh i gceist leis an gclár rití gearra laethúla, oideachas sláinte coirp agus sláinte mheabhrach, cothú agus aclaíocht. Tá sé mar aidhm ag an gclár gníomhaíocht choirp a chur chun cinn i measc daltaí agus troid i gcoinne murtall i measc leanaí.**

Seoladh Clár Marathonkids Ireland 2021 Dé Céadaoin, 8 Meán Fómhair i Staid Morton sa Seantreabh. Tá os cionn 12,500 dalta ó réimsí riaracháin Chomhairle Contae Fhine Gall, Comhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Comhairle Contae na Gaillimhe agus ceantair ar fud na Gaeltachta, a dhéanann ionadaíocht ar níos mó ná 200 scoil, cláraithe do chlár 2021.

Beidh os cionn 3,000 dalta as 24 scoil i bhFine Gall ag glacadh páirt i gclár na bliana seo. Dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh, ar múinteoir bunscoile í féin: "D'éirigh go hiontach le clár MarathonKids ó seoladh é sa bhliain 2014. Bíonn na daltaí ag tnúth leis gach bliain agus bíonn siad ar bís go háirithe faoin míle deiridh a dhéanamh i staidiam Morton. Tá súil againn go mbeidh muid in ann scoileanna a thabhairt le chéile arís an bhliain seo chugainn agus go mbeidh an ócáid, atá tuillte ag na daltaí, acu tar éis 8 seachtaine den traenáil".




Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall AnnMarie Farrelly "Tá ríméad orm an díograis leanúnach don Chlár Marathonkids iontach seo a fheiceáil, clár a spreagann stíl mhaireachtála shláintiúil ghníomhach i measc leanaí scoile i bhFine Gall"

Dúirt ambasadóir Marathonkids, an tOilimpeach David Gillick, a bhfuil craobh na hEorpa buaite faoi dhó aige "Tá clár Marathonkids Ireland ag dul ó neart go neart agus tá fás suntasach tagtha air le 6 bliana anuas. Tá an clár críochnaithe ag os cionn 40,000 dalta agus 300 scoil ar fud na hÉireann go dtí seo. Ón lá a seoladh é in 2021 feicfimid go mbeidh 50,000 dalta rannpháirteach agus go dtabharfaidh siad an clár Marathonkids chun críche".



Ambasadóir Marathonkids, Curadh Eorpach 2-uaire agus Oilimpeach David Gillick le rannpháirtithe an chláir Marathon Kids

# Tionscadail Fhine Gall ar an nGearrliosta do Ghradaim Náisiúnta

**Cuireadh cúig thionscadal déag de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall ar an ngearrliosta do ghradaim náisiúnta a bhfuil ardmheas orthu.**

Ainmníodh deich dtionscadal agus tionscnamh de chuid Fhine Gall san iomlán ar fud naoi gcatagóir do Ghradaim LAMA na bliana seo.

Is deis atá sna Dámhachtainí Pobail agus Comhairle Uile Éireann, a chuirtear i láthair ag LAMA agus a fhaigheann urraíocht ó IPB Insurance, chun aird a tharraingt ar an obair atá ag dul ar aghaidh i bpobail na tíre agus chun í sin a chur chun cinn. Is í seo an 15ú bliain de na dámhachtainí, atá ag cur comhoibriú ar éirigh go maith leis idir pobail agus comhairlí i láthair go seasta thar na blianta agus a chuir ardán ar fáil chun aitheantas a thabhairt do laochra neamhaitheanta.

Sa bhliain 2020, ainmníodh deich dtionscadal a threoraigh Comhairle Contae Fhine Gall in ocht gcatagóir freisin, le Seirbhís Iompair Inbhuanaithe Aoisbháúil 'Carr an Phobail' i bhFine Gall ag tabhairt an lá léi as an 'Tionscnamh Pobalbhunaithe is Fearr'.

Is iad na hainmniúcháin do ghradaim na bliana seo:

- Bainistiú Eastát Bhaile an Fhaoitigh - Tionscnaimh Comhshaoil an Phobail in Tionscadal nó Tionscnamh Comhshaoil nó Éiceolaíochta is Fearr
- Stáisiún Líonta Buidéal gan Tadhall agus Treochlár Chomhairle Contae Fhine Gall maidir le Wi-Fi Poiblí in Comhshaothar is Fearr idir Gnólacht agus an Pobal
- Glan Suas! in Clár Bainistithe Dramhaíola is Fearr
- Wi-Fi Saor in Aisce Lasmuigh in An Chomhairle is Fearr Ceangailte
- Páirc na Mílaoise in Páirc Phoiblí is Fearr
- Stáisiúin Aimsire do Scoileanna in Athrú Aeráide in Tionscnamh Oideachais/Traenála is Fearr
- Stáisiúin Aimsire do Scoileanna in Athrú Aeráide in Clár Pobail CSR is Fearr
- Tionscadal Caomhnaithe Chaisleán Shoird in Tionscadal Oidhreachta is Fearr
- Féile Staire Fhine Gall in Ealaíona/Cultúr (lena n-áirítear féilte & imeachtaí)

Beidh searmanas na ndámhachtainí ar siúl ar an 27 Samhain in Óstán an Crowne Plaza, Aerfort Bhaile Átha Cliath, áit a mbeidh láithreoir RTÉ Marty Morrissey ina fhear an tí.

Tá ainmniúcháin faighte ag tionscadail Chomhairle Contae Fhine Gall i gcúig cinn de na 16 catagóir sna Gradaim Barr Feabhais i Rialtas Áitiúil 2021 le Comhlachas Tráchtála na hÉireann chomh maith.

Níor cuireadh ach 90 tionscadal ó 20 comhairle ar an ngearrliosta. Beidh an searmanas gradam ar siúl Déardaoin, an 18 Samhain.

Is iad seo a leanas na cúig chatagóir ina bhfuaireamar ainmniúchán:

- · Ag Réiteach don Traenáil in Ag Tacú le Pobail Inbhuanaithe
- · Podchraoladh 'Laistigh d'Fhine Gall' in Nuálaíocht Údaráis Áitiúil
- · Ag Sárú Bacainní Ama, Ealaíontóir Aoife Dunne in Na hEalaíona a Chothú
- · Tionscadal Caomhnaithe Chaisleán Shoird in Timpeallacht Oidhreachta agus Thógtha
- · Digifit do Chách in Soláthar Seirbhísí do Daoine faoi Mhíchumas
- Bhuaigh Comhairle Contae Fhine Gall an Gradam sa chatagóir Ag Tacú le Pobail Inbhuanaithe anuraidh as an Láithreán Gréasáin Ceannaigh go hÁitiúil.

ALL IRELAND COMMUNITY & COUNCIL AWARDS
IPB INSURANCE AND LAMA

# Taisteal Gníomhach i bhFine Gall

## Seachtain na Rothar 2021



Rothaíocht Ghealáin na hOíche ag Caisleán Mhullach Íde

**Reáchtáladh Seachtain na Rothar ón 12 - 18 Meán Fómhair agus chuir an fhoireann Taisteal Gníomhach go leor imeachtaí spleodracha gníomhacha ar siúl ar fud Fhine Gall lena linn. Cuireadh tús leis an tseachtain le hócáidí rothaíochta na gComhairleoirí i dTeach an Droichid Nua, Caisleán Mhullach Íde agus i bPáirc San Caitríona, Leamhcán, inar tháinig Comhairleoirí as gach cearn d'Fhine Gall le chéile ar a rothar.**

I rith na seachtaine chuireamar fáilte roimh an bpobal chuig Ceardlanna Rothaíochta do Dhaoine Fásta, áit ar chuir rothaithe meirgeacha bealadh ar a ngiaranna le comhairle sábháilteachta agus turas rothaíochta treoraithe d'fhonn muinín a chothú maidir le lánaí rothaíochta cosanta i Sord agus i mBaile an Hartaigh a úsáid. Níos déanaí sa tseachtain thugamar geábh amach ar Rothair Tríothacha agus ar Rothair Blípire de chuid Rothaíocht Beag Beann ar Aois le linn Thuras Rothaíochta an Phobail ar Ghlasbhealach Bhaile Dúill go Port Mearnóg agus bhaineamar an ceo dár n-intinn amuigh faoin aer i dteannta rothaithe fiosracha, idir rothaithe a raibh taithí acu agus glantosaitheoirí. Buaicphointe na seachtaine, dar le go leor, ná an Rothaíocht san Oíche ag Caisleán Mhullach Íde, áit ar las na rothaithe soilsí orthu féin ag an túslíne agus ar bhain siad sult as bealach speisialta tríd an Diméin a bhí ag lonrú.

Tháinig deireadh leis an tseachtain le Lá Spraoi Teaghlaigh i bPáirc San Caitríona i Leamhcán, áit ar chuir an fhoireann Taisteal Gníomhach an teicneolaíocht rothaíochta is déanaí, veileadróm sráide, cúrsa sábháilteachta rothaíochta do leanaí agus raonta BMX os comhair an phobail le taobh mhargadh an deiridh seachtaine. De bharr na dea-aimsire an deireadh seachtaine sin, lá dár saol a bhí ann, mar a n-aontódh gach a raibh ann!

Cuirfear Seachtain na Rothar ar siúl arís sa bhliain 2022 agus beidh neart gníomhaíochtaí siamsúla eile ar bun, mar sin coinnigh súil amach don eolas is deireanaí ina leith sa bhliain úr agus bí cinnte clárú go deas luath!



Roisin, Trevor, Cara agus Barbara Towell - Rothaíocht Ghealáin na hOíche ag Caisleán Mhullach Íde



Jeremy agus Frank Pigott - Rothaíocht Ghealáin na hOíche ag Caisleán Mhullach Íde

# Scéim na Mol Nasctha

**Tá áthas ar Chomhairle Contae Fhine Gall fáilte a chur roimh mhaoiniú €115k faoi Scéim na Mol Nasctha #OurRuralFuture a chabhróidh le cianobair a éascú. D'fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys TD, maoiniú de bhreis agus €8.8 milliún faoi Scéim na Mol Nasctha - ceann de phríomhspriocanna Thodhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann.**

Neartóidh an maoiniú moil agus pointí ceangail leathanbhanda atá ann cheana agus cuirfidh sé le bonneagar cianoibre i ngach réigiún ar fud na hÉireann. Cabhróidh deontais freisin leis na moil bearta a dhéanamh chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann le COVID. Tá moil chianoibre Fhine Gall ag tnúth le páirt a ghlacadh san ardán náisiúnta nua connectedhubs.ie, áit ar féidir le cianoibrithe spás agus seirbhísí a chur in áirithe i moil chianoibre ar fud na tíre.

Cabhróidh an deontas €75,000 arna urrú ag Base Enterprise Centre le hinfheistíocht atá á déanamh cheana san ionad chun áiseanna a uasghrádú agus an spás laistigh den ionad a dhéanamh níos inrochtana agus oiriúnach do chianoibrithe, do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnó seanbhunaithe i gceantar Fhine Gall.

Feabhsóidh an maoiniú a chuirfear ar fáil bonneagar cianoibre ag na Pointí Ceangail Leathanbhanda atá ann cheana in Ionaid Phobail Fhine Gall Liam Rogers, Coill na nÚll, Baile an Tirialaigh agus Baile Lotrail. Cuirfidh na hionaid sin spás ar fáil d'fhir agus do mhná gnó an cheantair, do dhaltaí agus d'fhiontraithe chun cianobair a dhéanamh ina gceantar féin i dtimpeallacht shábháilte, chairdiúil fháilteach. Cumasófar leis an maoiniú sin stáisiúin oibre, scáileáin agus uasghráduithe teicneolaíochta a shuiteáil chun na háiseanna sin a fheabhsú.

Seo mar a labhair Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Seána Ó Rodaigh agus í ag cur fáilte roimh an bhfógra: "Is mór an scéala é an maoiniú seo don iliomad oibrithe i bhFine Gall a d'aithin na buntáistí a bhaineann le cianobair le bliain anuas. Tabharfaidh sé deis dóibh a bheith ag obair ina gceantar féin agus leas a bhaint as áiseanna agus tacaíochtaí a bhaineann le timpeallacht oifige."

Seo mar a labhair Príomhfheidhmeannach Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta do dheiseanna digiteacha a fheabhsú i bhFine Gall agus forbairt samhlacha oibre inbhuanaithe a éascú. Fáiltímid roimh an maoiniú seo a chuirtear ar fáil dár moil chianoibre a chuireann le cothromaíocht oibre is saoil níos fearr, atá tairbheach don gheilleagar áitiúil agus a chabhraíonn le hoibrithe a bheith ag obair ina bpobail áitiúla."



# Plean Forbartha Fiontar Áitiúil Fhine Gall Seolta

**Tá a plean nua seolta ag Oifig Fiontair Áitiúil Fhine Gall i leith fiontraíocht a spreagadh sa réigiún agus tacaíocht a thabhairt di don tréimhse 2021 - 2024. Tharla an seoladh oifigiúil le linn chuairt an Aire Stáit Gnó, Fostaíochta agus Miondíola, Damien English T.D., a bhuail leis an Leas-Mhéara an Comhairleoir Daniel Whooley agus le Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly, ag an imeacht i Halla an Chontae.**



Emer O'Gorman, Damien English, Oisin Geoghegan, Daniel Whooley agus AnnMarie Farrelly

Tá an chuairt seo ar Oifig Fhine Gall ar an gceann is déanaí de shraith cuairteanna náisiúnta an Aire English, a bhfuil an-fhonn air casadh le foirne na nOifigí Fiontair Áitiúil agus teagmháil a dhéanamh le roinnt dá gcliantchuideachtaí.

Cuirtear creat cuimsitheach ar fáil leis an bPlean Forbartha Fiontar Áitiúil chun tuilleadh a chur leis an méid atá bainte amach go dtí seo i gceantar Fhine Gall. Tá sé mar aidhm ag an Oifig Fiontair Áitiúil i bhFine Gall a chinntiú go mbeidh struchtúr tacaíochta ar fáil do gach duine ar mhaith leo a bheith ina bhfiontraí agus do gach fiontraí cruthaithe sa phobal, tacaíocht atá praiticiúil, comhaimseartha, ilghnéitheach agus cuimsitheach, d'fhonn rath gnólachtaí beaga áitiúla a chumasú. Tar éis an seolta, bhí deis ag foireann na hOifige Fiontair Áitiúil casadh leis an Aire agus dreas cainte a dhéanamh leis, agus tógadh roinnt grianghraf ina dhiaidh sin chun an lá a choinneáil i gcuimhne.

Is éard a dúirt Leas-Mhéara Fhine Gall, an Comhairleoir Daniel Whooley, agus é ag trácht ar an mbéim ar ghnó inmharthana atá i bplean nua an OFÁ:

"Mar atá a fhios ag cách, tá fíorthábhacht ag baint le gníomhú ar son na haeráide. Mar sin, trí thionscnaimh amhail Fine Gall Inbhuanaithe agus Green for Micro, táimid ag féachaint go n-éireoidh gnólachtaí níos inbhuanaithe ó thaobh cumhachta agus deachmaíochta de agus go mbeidh siad in ann a rá, agus iad ag labhairt le custaiméirí, 'is gnólacht eiticiúil muid, táimid ag comhlíonadh caighdeáin ghlasa', agus a chinntiú go mbeadh na custaiméirí sin buíoch as."



Damien English - Drinan Enterprise Centre

# Fine Gall i bhFoirm Uimhreacha

**9,282**

Líon na gcruinnithe a reáchtáladh ar Teams i mí Mheán Fómhair. Rinneadh 39,052 glaoch agus fuair nó sheol an Chomhairle 807,077 ríomhphost.

**20**

Líon na Scoileanna i bhFine Gall a chláraigh chun páirt a ghlacadh i gClár Fiontair Mac Léinn Fhine Gall (SEP)

**1,061**

Líon na gcinntí pleanála a rinneadh faoi dheireadh mhí Lúnasa 2021. Rinneadh 926 cinneadh chun cead a thabhairt (86%) agus 145 chun cead a dhiúltú (14%).

**200**

Líon na ndaoine óga a d'fhreastail ar an veileadróm rothaíochta ar láthair Ionad Pobail Bhaile an Phléimeannaigh. An Oifig Spóirt a d'eagraigh agus Spórt Éireann a chuir maoiniú ar fáil don imeacht ar mhaithe le rannpháirtíocht i spórt a chur chun cinn fad a spreagadh leanaí a gcuid rothair a úsáid agus a bheith gníomhach.

**€600,000**

An maoiniú ar éirigh le Comhairle Contae Fhine Gall a fháil ó Fáilte Ireland chun Saoráid buan le bheith ag Ithe Lasmuigh a chur ar fáil i mBinn Éadair faoin Scéim d'Fheabhsú Bia a Ithe Lasmuigh.

**47**

Líon na bpointí rochtana WiFi a bhfuiltear a shuiteáil ag 18 láthair ar fud Fhine Gall.

**280**

Líon na gcigireachtaí beartaithe ar bhealaí a rinne Maoir Bhruscair i Meán Fómhair.

**531**

Líon na n-oibreacha Uasghrádaithe LED a rinneadh ag na láithreacha a leanas i mí Meán Fómhair: - ·Baile Brigín ·Baile Dúill ·Binn Éadair ·Fraoch Charraig Bhreac/Cnoc Charraig Bhreac/ Plásóg Charraig Bhreac, Ascaill Offington/Céide Offington/Páirc Offington, Cill Fhionntain· R132 ar Thaobh an Aerfoirt chuig Cnoc Pheannóg, Sord

# Seolann Comhairle Contae Fhine Gall Wi-Fi poiblí lasmuigh saor in aisce ar fud bhailte agus sráidbhailte Fhine Gall

**Suiteáladh 47 pointe rochtana Wi-Fi san iomlán in 18 suíomh ar fud Fhine Gall.**

Faigheann an tionscnamh tacaíocht ó scéim dearbhán WIFI4EU a bhfuil sé mar aidhm aici rochtain idirlín ar ardchaighdeán a sholáthar ar fud an AE do shaoránaigh agus do chuairteoirí trí spotaí Wi-Fi saor in aisce i spásanna poiblí cosúil le lárionaid bhailte agus sráidbhailte, páirceanna agus spásanna cathartha. Bronnadh an conradh ar Magnet Networks chun na pointí rochtana i bhFine Gall a shuiteáil.



Clodagh Kelly - Magnet Networks, Camille Dennis - Wisteria Florist, Phil Claspperton - Magnet Networks, Cllr Seána Ó Rodaigh - An Mhéara, Aisling Hyland - Aonad Straitéise Digití Fhine Gall

Dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Ó Rodaigh, a sheol an Wifi sna Sceirí, i Lusca, sa Ros, i mBaile Gháire agus san Aill: "Tá ríméad orm, in éineacht leis an Aire agus Cathaoirligh na dtrí Choiste Ceantair, an Wi-Fi poiblí lasmuigh saor in aisce a sheoladh i bhFine Gall inniu. Bhí sé iontach a fheiceáil an méid gnóthas áitiúil a thacaigh leis an tionscnamh seo chun Wi-Fi poiblí saor in aisce a chur ar fáil inár mbailte agus sráidbhailte. "

Tá na pointí rochtana beo suite ar an taobh amuigh d'áitribh na ngnólachtaí rannpháirteacha agus tá raon 150m lasmuigh ag gach ceann acu ach ní bheidh fáil orthu taobh istigh d'áitribh an ghnó agus ní chuirfidh siad isteach ar leathanbhanda na ngnólachtaí féin.

Dúirt an tAire O'Brien, a sheol an Wi-Fi saor in aisce i Sord, i nDomhnach Bat agus i bPort Reachrann ag ócáid i gCaisleán Sord: "Tá sé iontach an tseirbhís saor in aisce seo a fheiceáil curtha i bhfeidhm i bhFine Gall. Is éard atá i gceist le Wi-Fi Poiblí nach mbeidh aon táillí sonraí soghluaiste as rochtain a fháil ar an idirlíon nó as na feidhmchláir a mbímid go léir ag brath orthu a úsáid. Tá ardmholadh tuillte ag Comhairle Contae Fhine Gall as a gcuid oibre den scoth le linn tréimhse an-dúshlánach, is tionscadal é seo atá ag breathnú chun cinn agus atá fíorchabhrach agus a mbainfidh go leor againn sa cheantar leas as. "

Dúirt an Príomhfheidhmeannach AnnMarie Farrelly: "Is chuid de Straitéis Dhigiteach na Comhairle an tionscnamh seo a bhfuil sé mar aidhm leis go mbeidh Fine Gall mar áit den scoth in Éirinn le beith i do chónaí ann, ag obair ann, cuairt a thabhairt agus gnó a dhéanamh. Is áis ollmhór é dár gcónaitheoirí, dár gcuairteoirí agus dár ngnólachtaí rochtain a bheith ar fáil ar Wi-Fi poiblí saor in aisce agus taispeántar gur limistéar forásach agus uilechuimsitheach go digiteach atá i bhFine Gall. "



Dominic Byrne, Ceann IT, Fhine Gall, Clodagh Kelly, Magnet Networks, Cllr Eoghan O'Brien

# An chéad suiteáil de phointí luchtaithe cuaillí solais EV de chuid ubitricity i mBaile Átha Cliath

**Tá Comhairle Contae Fhine Gall agus ubitricity, ball de Ghrúpa Shell, i gcomhpháirtíocht chun roghanna luchtaithe nua EV a thástáil do thiománaithe i bhFine Gall. Mar chuid den chomhscéim phíolótach, rinne ubitricity dhá chuaille solais a athfheistiú i sráidbhaile Mhullach Íde lena luchtairí EV atá stóráilte taobh istigh den chuaille solais. Clúdóidh Comhairle Contae Fhine Gall na costais a bhaineann le húsáid na luchtairí le linn na trialach tosaigh, ag bogadh níos déanaí go dtí an tsamhail íoc in aghaidh an úsáide.**



Is é ubitricity an t-oibreoir pointe luchtaithe EV is mó sa Ríocht Aontaithe, agus is iad an dá chuaille solais atá suite in aice le Stáisiún Gardaí Mullach Íde agus an Stáisiún Traenach a chéad phointí luchtaithe in Éirinn. Trí réiteach luchtaithe poiblí a chur ar fáil d'áitritheoirí gan rochtain ar pháirceáil eas-sráide cosúil le garáiste príobháideach, is é cuspóir ubitricity ná EVanna a luchtú nuair a pháirceálann siad agus san áit a pháirceálann siad: thar oíche agus ar an tsráid díreach ar leac an dorais acu. Is féidir le tiománaithe luchtú gan síntiús a bheith ag teastáil tríd an gcód QR a scanadh agus na treoracha a leanúint.

Leathnaigh leasú ar An Acht um Pleanáil agus Forbairt i Márta 2020 úsáid cuaillí solais sráide chun luchtú EV a chur san áireamh, ag cumasú an tionscadail phíolótach um luchtú cuaillí solais. Chun an t-aistriú i dtreo iompar níos inbhuanaithe a dhéanamh níos éasca d'áitritheoirí Fhine Gall, bheartaigh an Chomhairle réitigh a thástáil a ligfeadh do thiománaithe EV a pháirceálann ar an sráid luchtú díreach san áit a bhfuil siad ag páirceáil. Beidh rannpháirtíocht agus aiseolas na n-áitritheoirí áitiúla ríthábhachtach chun an straitéis amach anseo maidir le bonneagar luchtaithe a rolladh amach ar fud Fhine Gall a shainmhíniú.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta an réiteach is fearr a fháil dá gcónaitheoirí agus tá súil aici go n-éireoidh go maith le tástáil ar réiteach ubitricity.


Dúirt Lex Hartman, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ubitricity : "Táimid ag tnúth le bheith ag obair le comhairlí ar fud na hÉireann, lena n-áirítear Comhairle Contae Fhine Gall, chun cabhrú leo agus le custaiméirí athrú go feithiclí leictreacha. De réir mar a bhíonn éileamh an phobail ar bhonneagar luchtaithe EV ag fás as cuimse tá réiteach an-inscálaithe agus éasca le húsáid ag teastáil, le haghaidh rolladh amach tapaidh. Cuidíonn an dlúithe uathúil leis na pointí luchtaithe a chumasc go maith le radhairc na sráide agus coimeádann sé na cosáin saor ó bhruscar. Cuirfidh an cumas an ceallra a athluchtú aon uair a bheidh an carr páirceáilte borradh faoi ghlacadh le EVanna de réir mar a n-éiríonn luchtú níos simplí agus níos áisiúla."


Tá David Storey, Stiúrthóir Seirbhísí um Ghníomhaíocht Comhshaoil agus Taisteal Gníomhach ag Comhairle Contae Fhine Gall ag súil le tuilleadh forbartha ar bhonneagar EV ar fud an chontae: "Ligeann an tionscadal píolótach i Mullach Íde dúinn freagairt an phobail agus leibhéal úsáide na saoráide luchtaithe an-áisiúil seo nach gcuireann isteach ar rud ar bith a thomhas. Níl anseo ach gné amháin den phlean níos leithne maidir le bonneagar EV agus iompar inbhuanaithe laistigh d'Fhine Gall agus táimid ag súil go nglacfaidh cónaitheoirí agus cuairteoirí leis araon."

# Do Chomhairleoirí




## Toghcheantair Aitiúil




**Baile Brigin**

1. Cllr. Tony Murphy
Independent
tony.murphy@cllrs.fingal.ie
086 277 2030

2. Cllr. Grainne Maguire
Independent
grainne.maguire@cllrs.fingal.ie
087 943 6650

3. Cllr. Seána Ó Rodaigh
Labour Party
seana.orodaigh@cllrs.fingal.ie
085 831 3801

4. Cllr. Tom O'Leary
Fine Gael
tom.oleary@cllrs.fingal.ie
087 245 9897

5. Cllr. Karen Power
Green Party
karen.power@cllrs.fingal.ie
089 965 4529

**An Ros - Lusca**

6. Cllr. Robert O'Donoghue
Labour Party
robert.odonoghue@cllrs.fingal.ie
083 0545554

7. Cllr. Adrian Henchy
Fianna Fáil
adrian.henchy@cllrs.fingal.ie
087 681 4485

8. Cllr. Brian Dennehy
Fianna Fáil
brian.dennehy@cllrs.fingal.ie
085 229 8201

9. Cllr. Cathal Boland
Independent
cathal.boland@cllrs.fingal.ie
086 257 7672

10. Cllr. Paul Mulville
Social Democrats
paul.mulville@cllrs.fingal.ie
086 378 7395

**Sord**

11. Cllr. Darragh Butler
Fianna Fáil
darragh.butler@cllrs.fingal.ie
087 959 5378

12. Cllr. Ian Carey
Green Party
ian.carey@cllrs.fingal.ie
086 307 4004

13. Cllr. Dean Mulligan
Independents4Change
dean.mulligan@cllrs.fingal.ie
087 966 6260

14. Cllr. Joe Newman
Independent
joe.newman@cllrs.fingal.ie
087 245 7729

15. Cllr. Brigid Manton
Fianna Fáil
brigid.manton@cllrs.fingal.ie
086 247 6596

16. Cllr. Ann Graves
Sinn Féin
ann.graves@cllrs.fingal.ie
087 272 4359

17. Cllr. James Humphreys
Labour Party
james.humphreys@cllrs.fingal.ie
083 8560832

**Binn Éadair/Mullach Íde**

18. Cllr. Eoghan O'Brien
Fianna Fáil
eoghan.obrien@cllrs.fingal.ie
086 858 0562

19. Cllr. David Healy
Green Party
david.healy@cllrs.fingal.ie
087 617 8852

20. Cllr. Brian Mc Donagh
Labour Party
brian.mcdonagh@cllrs.fingal.ie
086 385 8979

21. Cllr. Jimmy Guerin
Independent
jimmy.guerin@cllrs.fingal.ie
086 014 3346

22. Cllr. Aoibhinn Tormey
Fine Gael
aoibhinn.tormey@cllrs.fingal.ie
087 754 6258

23. Cllr. Anthony Lavin
Fine Gael
anthony.lavin@cllrs.fingal.ie
087 993 1329

24. Cllr. Joan Hopkins
Social Democrats
joan.hopkins@cllrs.fingal.ie
083 1031541

**Caisleán Cnucha**

25. Cllr. Ted Leddy
Fine Gael
ted.leddy@cllrs.fingal.ie
087 327 6630

26. Cllr. John Walsh
Labour Party
john.walsh@cllrs.fingal.ie
087 648 6228

27. Cllr. Howard Mahony
Fianna Fáil
howard.mahony@cllrs.fingal.ie
087 0506146

28. Cllr. Natalie Treacy
Sinn Féin
natalie.treacy@cllrs.fingal.ie
085 128 5493

20. Cllr. Pamela Conroy
Green Party
pamela.conroy@cllrs.fingal.ie
086 8462891

30. Cllr. Siobhan Shovlin
Fine Gael
siobhan.shovlin@cllrs.fingal.ie
087 3984778

**Ongar**

31. Cllr. Tania Doyle
Independent
tania.doyle@cllrs.fingal.ie
085 780 9292

32. Cllr. Tom Kitt
Fianna Fáil
tom.kitt@cllrs.fingal.ie
086 199 5801

33. Cllr. Daniel Whooley
Green Party
daniel.whooley@cllrs.fingal.ie
087 397 8024

34. Cllr. Kieran Dennison
Fine Gael
kieran.dennison@cllrs.fingal.ie
087 259 5949

35. Cllr. Aaron O'Rourke
Sinn Féin
aaron.orourke @cllrs.fingal.ie
087 7042783

**Baile Bhlainséir - Mullach Eadrad**

36. Cllr. Mary McCamley
Labour Party
mary.mccamley@cllrs.fingal.ie
087 650 1441

37. Cllr. Breda Hanaphy
Sinn Féin
breda.hanaphy@cllrs.fingal.ie
087 162 0917

38. Cllr. John Burtachaell
Solidarity
john.burtchaell@cllrs.fingal.ie
087 102 9372

39. Cllr. Punam Rane
Fine Gael
punam.rane@cllrs.fingal.ie
089 254 4372

40. Cllr. John-Kingsley Onwumereh
Fianna Fáil
Jk.onwumereh@cllrs.fingal.ie
089 9642783